# ELeathanach 423

Dé Luain, an 14 Samhain 2022

## Pirimid 20 Tona Plaisteach san Éigipt

Chruthaigh *100YRCLEANUP an* phirimid ollmhór seo. D'úsáid siad plaisteach a bhí in abhainn na Níle. Tá an phirimid lonnaithe díreach taobh amuigh de Chaireo.

Bhí *100YRCLEANUP* ag iarraidh an abhainn a ghlanadh. Tá an abhainn truaillithe go dona agus tá a lán bruscair ann.

Is í seo an phirimid phlaisteach is mó ar domhan. Tá fiche tona meáchain ann, agus is ionann an meáchan sin agus milliún buidéal plaisteach. Chomh maith leis sin, tá an phirimid níos airde ná foirgneamh trí stór!








## An é Pumuckel an capaillín is lú ar domhan?

Is capaillín beag bídeach é Pumuckel agus is as iarthar na Gearmáine dó. Tá sé trí bliana d'aois agus tá sé an-bheag! Tá sé caoga ceintiméadar ar airde.

Tá Pumuckel ar cheann de na capaillín is lú ar domhan. Caithfidh ainmhithe a bheith ar a laghad ceithre bliana d'aois sular féidir leo curiarracht dhomhanda *Guinness* a bhaint amach.

Feicfimid an bhliain seo chugainn má éiríonn le Pumuckel an churiarracht a bhaint amach.

Is cosúil go bhfuil Pumuckel an-chairdiúil. Téann sé ar cuairt go tithe altranais chun áthas a chur ar na seandaoine iontu freisin. Maith thú Pumuckel!


## Éiclips na gealaí: dath dearg ar an ngealach!

Bhí éiclips na gealaí ann ar an 8 Samhain. Nuair a bhíonn an Domhan idir an ghrian agus an ghealach, glaonn muid éiclips na gealaí air seo. Ba í seo an dara héiclips i mbliana.

Bhí daoine in ann an éiclips a fheiceáil in áiteanna éagsúla - Meiriceá Thuaidh agus Láir, an tAigéan Ciúin, an Astráil agus an Nua-Shéalainn.

Ní minic gur féidir le daoine í a fheiceáil agus is mór an trua é nach rabhamar in ann í a fheiceáil anseo in Éirinn.

Uaireanta glaoitear "gealach fola" ar an éiclips seo toisc go n-athraíonn an gealach go dath dearg agus an ghealach go hiomlán faoi scáth an domhain!






Dath dearg ar an ngealach

Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta